


Cuid 1 Aistrithe iomlána an rialtais láir agus cur i bhfeidhm chistiú an rialtais láir

In 2025, b'ionann an cistiú a thug an rialtas láir d'údaráis áitiúla agus thart ar €9.4 billiún. Ba ghlanmhéadú é sin de thart ar €795 mhilliún (9%) ar 2024. Ar feadh na tréimhse 2020 go 2025, méadaíodh cistiú ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla faoi thart ar 55% (féach Figure 4.2).


Is iad bunfhoinsí chistiú an rialtais láir ná an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht — trí Vóta 34 agus Ciste an Rialtais Áitiúil — agus an Roinn Iompair (féach Fíor 4.3).

Ba iad na críocha dá soláthraíodh an cistiú in 2025 ná chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a chur ar fáil chomh maith le réimse leathan tacaíochtaí tithíochta eile; infheistíocht in iompar; ranníocaíocht le gníomhaíochtaí ginearálta údarás áitiúil (tacaíocht bhuiséid); agus tacaíocht do thionscnaimh thimpeallachta; agus tacaíochtaí don ghnó.

Fíor 4.2 Cistiú an rialtais láir, 2020 – 2025



Fíor 4.3 Anailís rangaithe ar chistiú faoi chatagóir an chláir, 2025



Foinse: Annex 4A. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.


Cuid 2 Tithíocht agus athnuachan

Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá formhór (96%) an chistithe ar fáil do chaiteachas údarás áitiúil ar thithíocht agus athnuachan. Baineann na húdaráis áitiúla úsáid as an gcistiú chun stoc tithíochta sóisialta a chur ar fáil (faoi bhainistíocht ag údaráis áitiúla agus ag comhlachtaí tithíochta ceadaithe); le haghaidh tithíocht inacmhainne a chur ar fáil; chun tacú le réadmhaoin fholamh agus tréigthe a athfheistiú; agus le haghaidh tacaíochtaí tithíochta eile. San áireamh leis na tacaíochtaí sin tá an íocaíocht cúnaimh tithíochta (HAP) agus an scéim cóiríochta cíosa (RAS) chun tacú le teaghlaigh i dtionóntachtaí príobháideacha ar cíos.


Baintear úsáid as an gcistiú freisin le haghaidh feabhsuithe ar aonaid tithíochta údarás áitiúil atá ann cheana agus le haghaidh deontais oiriúnaithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Cuireadh thart ar €160 milliún (2024: €137 milliún) den chistiú arna chur ar fáil ag an Roinn d'údaráis áitiúla faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU). Cuireadh an Ciste Infheistíochta um Bailte agus Cathracha (CIBC) in ionad an CAFU go luath in 2026. Leanann an CIBC le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt níos dlúithe agus níos inbhuanaithe a chur i gcrích ar fud chathracha agus bhailte móra na hÉireann.

Cuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta cistiú ar fáil freisin do na húdaráis áitiúla chun athnuachan tuaithe a dhéanamh - €72 milliún sa bhliain 2025 (2024: €70 milliún). Tríd an gcistiú sin tacaítear le scéimeanna ar mhaithe le bailte agus sráidbhailte a athnuachan; ag tabhairt faoi fhoirgnimh fholmha agus thréigthe; agus forbairt saoráidí pobail.

Fíor 4.4 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla le hinfheistiú i dtithíocht agus in athnuachan, 2020 - 2025



Fíor 4.5 Miondealú ar an gcistiú le haghaidh cuspóirí tithíochta agus athnuachana, 2025



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tá cistiú de bheagnach €165 milliún san áireamh ón leithdháileadh ó cháin mhaoine áitiúil a bhfuil ar údaráis áitiúla os cionn na bonnlíne a chaitheamh ar thithíocht in ionad mhaoiniú an Státchiste.

Cuid 3 Infheistíocht iompair


Cuireann an Roinn Iompair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta cistiú ar fáil d'údaráis áitiúla le hinfheistiú i mbóithre agus in iompar poiblí (féach Figure 4.6 agus Figure 4.7).

Cuireann an Roinn Iompair cistiú ar fáil go príomha d'údaráis áitiúla le haghaidh bóithre réigiúnacha agus áitiúla (€701 milliún in 2025). Chuir Bonneagar Iompair Éireann cistiú ar fáil le haghaidh bóithre náisiúnta (€508 milliún) agus le haghaidh glasbhealaí (€48 milliún). Chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú ar fáil le haghaidh taisteal gníomhach (€282 milliún) agus le haghaidh iompar poiblí (€31 milliún) sa bhliain 2025.


Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta cistiú €30 milliún ar fáil d'údaráis áitiúla le haghaidh bóithre príobháideacha agus bóithre áitiúla nach ndéantar a choimeád go poiblí.

Maoiníonn údaráis áitiúla áirithe iad féin caiteachas ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ó leithdháileadh na cánach maoine áitiúla (€16.5 milliún in 2025).

Fíor 4.6 Cistiú d'údaráis áitiúla ón rialtas láir chun infheistíocht a dhéanamh in iompar 2020 – 2025



Fíor 4.7 Infheistíocht in iompar de réir na heagraíochta 2025^c



Foinse: An Roinn Iompair, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Airítear leis cistiú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil de mhéid iomlán €305,000.
b Tá cistiú do bhonneagar feithiclí leictreacha agus cistiú Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann san áireamh leis.
c Ní chuirtear san áireamh san fhiúir seo cistiú €16.5 milliún ó leithdháiltí na cánach maoine áitiúla. Ní áirítear leis cistiú ach oiread ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil de mhéid iomlán thart ar €305,000.
d Áirítear leis seo cistiú de thart ar €3.4 milliún do thaisteal gníomhach.


Cuid 4 Tionscnaimh thimpeallachta

Cuirtear cistiú ar fáil d'údaráis áitiúla le haghaidh réimse seirbhísí timpeallachta. San áireamh leis na seirbhísí sin tá tionscadail uisce agus sláintíochta, bainistíocht dramhaíola agus cosaint ar thuilte.


Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht cistiú ar fáil d'údaráis áitiúla de €91 milliún ón gCiste Rialtais Áitiúil maidir le costais chun soláthar uisce a bhunathrú in 2025 (2024: €62 milliún). Baineann an cistiú le costais uile a thabhaítear fós ag údaráis áitiúla tar éis Uisce Éireann a chur ar bun (dá dtagraítear mar chostais 'thréigthe' uisce). Is forchostais chorparáideacha iad go príomha na costais sin (m.sh. airgeadas, TF, acmhainní daonna) do róil riaracháin seirbhísí uisce atá fós ann sna húdaráis áitiúla. Tá sonraí breise le fáil ar chostais thréigthe uisce ag larscríbhinn 4C.

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí cistiú de thart ar €67 milliún ar fáil d'údaráis áitiúla le haghaidh oibreacha cosanta tuilte in 2025 (2024: €46 milliún).

Fíor 4.8 Cistiú d'údaráis áitiúla ón rialtas láir le haghaidh tionscnaimh thimpeallachta, 2020 – 2025



Fíor 4.9 Tionscnaimh thimpeallachta — foinsí agus cuspóirí an chistithe, 2025



Foinse: Annex 4A. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

- a San áireamh leis tá cistiú €91 milliún ón gCiste Rialtais Áitiúil le haghaidh costais bunathraithe uisce, a bhfuil €85 milliún den mhéid sin imfhálaithe le haghaidh na gcostas sin i gcúlchistí na bliana roimhe de chuid an chiste.
- b Áirítear leis sin cistiú €7 milliún ó Chiste an Gheilleagair Chiorclaigh agus €18.4 milliún ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.


Cuid 5 Cláir chaipitil éagsúla

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (lenar áiríodh tríd an gCiste Aitheantais Pobail, tríd an gClár Feabhsaithe Pobail, agus trí mhaoiniú do phobail ar oileáin) cistiú de thart ar €46 milliún ar fáil (2024: €32.7 milliún) d'údaráis áitiúla le haghaidh tacaíochtaí do shaoráidí pobail. Chuir sé cistiú €15.8 milliún (2024: €33.7 milliún) ar fáil freisin don chlár LEADER.


Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht cistiú €46.5 milliún ar fáil do Chomhairle Contae Lú in 2025 (2024: €26.5 milliún) do thionscadal Dhroichead Chaol Uisce. Is í an ranníocaíocht iomlán réamh-mheasta do chostas an droichid ná €135 mhilliún.

Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cistiú caipitil de thart ar €3.5 milliún ar fáil do thionscadail forbartha calafort in 2025 (2024: €12 mhilliún).

Fíor 4.10 Cistiú d'údaráis áitiúla ón rialtas láir do chlár ilghnéitheacha caipitil, 2020 – 2025^a



Fíor 4.11 Cláir ilghnéitheacha caipitil — foinsí agus cuspóirí an chistithe, 2025^b



Foinse: Annex 4A. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Léirítear an cistiú comhlán anseo. Ní chuirtear aisiocaíochtaí de €50,000 ó údaráis áitiúla san áireamh.

b D'fhéadfadh sé nach suimítear roinnt méideanna de bharr slánaithe.


Cuid 6 Scéimeanna fostaíochta agus gnó

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta thart ar €64 mhilliún ar fáil (2024: €57.5 milliún) d'údaráis áitiúla don Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP).

In 2025, chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, trí Fhiontraíocht Éireann, €57.8 milliún (2024: €52.5 milliún) ar fáil d'údaráis áitiúla don chlár fiontair áitiúil arna sholáthar ag na hoifigí fiontair áitiúla (LEOnna). Chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí thart ar €8 milliún de chistiú (2024: €7 milliún) ar fáil freisin mar scéimeanna tacaíochta fostaíochta (féach Figure 4.12).


Chuir an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta cistiú ar fáil freisin le haghaidh íocaíochtaí faoi phróiseas achomhairc um athaicmiú don Scéim shealadach um Chostas Méadaithe Gnó agus do thionscnaimh deontas fuinnimh Power Up (féach Figure 4.13). Tugadh na tionscnaimh sin isteach in 2024 le haghaidh bliain amháin. Ach rinne gnólaachtaí áirithe a ngnólaachtaí a aicmiú go mícheart in 2024, áfach, agus measadh iad neamhchálilithe. Fuair an Roinn cead in 2025 (ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin) maidir le próiseas achomhairc chun ligean do ghnólaachtaí a bhí buailte a ngnólaachtaí a chatagóiriú go ceart agus clárú do na deontais. Is iad na húdaráis áitiúla a rinne an próiseas athaicmithe a riar ar son na Roinne.

Fíor 4.12 Cistiú d'údaráis áitiúla ón rialtas láir le haghaidh scéimeanna fostaíochta, 2020 – 2025



Foinse: An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Fíor 4.13 Tacaíochtaí gnó arna riar ag údaráis áitiúla 2025



Cuid 7 Seirbhísí eile


San áireamh le cistiú ón rialtas láir freisin bhí €10 milliún (2024: €44 milliún) chun lóistín agus seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine a easáitíodh mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus €13 mhilliún (2024: €6.4 milliún) le haghaidh tacaíochtaí lánpháirtithe imirceach.

Cuireadh cistiú €18.6 milliún ar fáil tríd an Vóta Tithíochta ar bhonn eisceachtúil d’údaráis áitiúla maidir le freagairt ar theagmhais chrua-aimsire agus costais ghlantacháin in 2025.


Cuireadh cistiú iomlán de €79 milliún ar fáil d’fhonn tacú le seirbhísí dóiteáin agus éigeandála (2024: €66 mhilliún). Cuireadh €68.8 milliún den chistiú sin ar fáil ón vóta Tithíochta. Chuir an FSS €9.2 milliún ar fáil freisin chun tacú le Seirbhís Otharchairr Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

Chuir an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt €22.6 milliún (2024: €17.3 milliún) ar fáil d’údaráis áitiúla trí Spórt Éireann.

Fíor 4.14 Cistiú d’údaráis áitiúla ón rialtas láir le haghaidh seirbhísí eile, 2020 – 2025



Fíor 4.15 Seirbhísí eile — foinsí agus cuspóirí an chistithe, 2025^b



Foinse: Annex 4A. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Déantar é sin a mhiondealú a thuilleadh Fíor 4.15 idir seirbhísí ilghnéitheacha agus tacaíochtaí do lánpháirtiú Úcránach agus imirceach
 - b D’fhéadfadh sé nach suimítear roinnt méideanna de bharr slánaithe.
 - c Áirítear leis seo cistiú de €23 mhilliún ón gCiste Rialtais Áitiúil.
 - d Áirítear leis Talmhaíocht, Bia agus Muir (€4.8 milliún); Cosaint (€4.2 milliún); Leanaí, Míchumas agus Comhionannas (€1.3 milliún); Coimirce Shóisialach (€0.9 milliún); Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (€0.7 milliún); Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol (€0.2 milliún); Oifig na nOibreacha Poiblí (€0.008 milliún).


Cuid 8 An Ciste Rialtais Áitiúil

Is ciste reachtúil é an Ciste Rialtais Áitiúil (LGF) atá á bhainistiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an Roinn). Tagann fáлтаis san LGF ón Státchiste (tríd an Vóta) agus ó na fáлтаis ón gcáin mhaoine áitiúil (CMÁ). Bailíonn na Coimisinéirí loncaim an cháin sin.


Tá cistiú an LGF ón Státchiste beartaithe chun cabhrú le húdaráis áitiúla le pá agus pinsin agus le haghaidh scéimeanna ilghnéitheacha.

Gach bliain, déanann an Roinn meastachán ar an toradh iomlán lena bhfuiltear ag súil ó CMÁ i ngach údarás áitiúil don bhliain dhliteanais dár gcionn. Déanann sí meastachán freisin ar 'ranníocaíocht um chomhionannú' freisin a bhíonn de dhíth ón Státchiste. Úsáidtear na réamh-mheastacháin sin, bunaithe ar shonraí ó na Coimisinéirí loncaim, chun an leithdháileadh CMÁ a ríomh a gheobhaidh údaráis áitiúla sa bhliain sin. Féach Annex 4B le haghaidh ríomh an CMÁ i leithdháileadh 2025.

Fíor 4.16 Fáлтаis agus leithdháileadh CMÁ tríd an gCiste Rialtais Áitiúil 2015 - 2025



Fíor 4.17 An Ciste Rialtais Áitiúil, Cúlchistí dheireadh bliana, 2020 – 2025



Foinse: Cuntais loncaim 2015 - 2025, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a D'fhéadfadh fáлтаis CMÁ arna mbailiú ag na Coimisinéirí loncaim agus méideanna a íocadh ina dhiaidh sin leis an LGF i mbliain áirithe a bheith difriúil mar gheall ar uainiú.

Tá seans ann nach mbíonn fáiltais CMÁ i mbliain áirithe ag teacht le chéile le leithdháiltí bliantúla don bhliain sin (féach Figure 4.16). Tarlaíonn sé sin de bharr go bhféadfadh úinéirí réadmhaoine a CMÁ a íoc sa bhliain roimh an dliteanas (is é sin réamhíocaíocht), nó mar íocaíocht dhéanach i mbliain ina dhiaidh sin. Mar shampla, fuarthas €158 milliún (2024: €79 milliún) mar fháiltais CMÁ in 2025 don bhliain dhliteanais 2026. Is é is cúis leis an méadú ar réamhíocaíochtaí ná tosú thimthriall CMÁ nua don tréimhse 2026 - 2030. Éilíodh ar úinéirí réadmhaoine luacháil réadmhaoine a chur isteach, amhail an 1 Samhain 2025, chun an muirear CMÁ a shocrú don timthriall nua.

Tar éis barrachas de thart ar €56 mhilliún a thaifeadadh in 2025, méadaíodh cúlchistí an LGF go thart ar €321 mhilliún faoi dheireadh na bliana. Ar an iomlán, méadaíodh na cúlchistí faoi thart ar 129% ó 2020 (féach Fíor 4.17).

Ag deireadh 2025, rinneadh beagnach €276 mhilliún (86%) de chúlchistí dheireadh na bliana a imfhálú/leithdháileadh chun críocha ar leith. Áiríodh leis sin €55 mhilliún do chostais thréigthe um bunathrú uisce agus €159 milliún

de CMÁ a réamhíocadh, agus €32 milliún do chistiú um chomhionannú CMÁ. Déantar foráil freisin i mbeartas cúlchistí an chiste, a tugadh isteach i mí Iúil 2024, do choinneáil €30 milliún de chistiú nach bhfuil leithdháilte ar mhaithe le teagmhasacht dheireadh na bliana. Ag deireadh na bliana, bhí méid iomlán de €75 mhilliún de chistiú nár leithdháileadh sna cúlchistí (2024: €63 milliún). Chuir an Roinn in iúl go bhfuil mórchuid an mhéadaithe ar chúlchistí nár leithdháileadh mar thoradh ar fháiltais CMÁ a bhí níos airde ná mar a bhíodhas ag súil, go háirithe riaráistí CMÁ a bailíodh.

Iarscríbhinn 4A Aistrithe an rialtais láir chuig údaráis áitiúla de réir an chlár caiteachais, 2020 – 2025^a

Catagóir chaiteachais	2020 €m	2021 €m	2022 €m	2023 €m	2024 €m	2025 €m
Tithíocht agus athnuachan						
Soláthar tithíochta sóisialta	2,156	2,413	2,693	3,025	3,633	4,239
Tithíocht inacmhainne, srl.	—	4	9	20	144	299
Cistiú bonneagair	32	16	17	20	16	18
Tacaíochtaí tithíochta eile	340	324	420	536	916	1,084
Athnuachan	67	82	90	99	261	277
	2,595	2,839	3,229	3,699	4,970	5,917
Infheistíocht iompair						
Feabhsú bóithre náisiúnta	429	517	449	526	445	510
Feabhsú bóithre réigiúnacha agus áitiúla	573	606	644	685	733	746
Iompar poiblí agus taisteal gníomhach	109	209	348	400	423	365
	1,111	1,332	1,441	1,611	1,601	1,621
Tionscnaimh thimpeallachta						
Seirbhísí uisce agus sláintíochta	63	73	74	81	152	201
Oibreacha cosanta tuilte	31	26	28	31	46	67
Bainistíocht dramhaíola	26	39	37	25	30	32
Bearta timpeallachta eile	3	8	13	20	24	50
	123	146	152	157	252	350
Scéimeanna fostaíochta agus gnó						
Scéimeanna fostaíochta	91	77	92	108	117	129
An scéim um Chostas Méadaithe Gnó	—	—	—	—	249	4
An scéim Power Up	—	—	—	—	168	9
	91	77	92	108	534	142

Catagóir chaiteachais	2020 €m	2021 €m	2022 €m	2023 €m	2024 €m	2025 €m
Cláir ilghnéitheacha chaipitil	103	62	60^c	107	117	112
Seirbhísí eile						
Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála	12	8	33 ^b	41 ^b	66 ^b	79 ^b
Seirbhís Leabharlainne	7	7	4	6	5	5
Deontais spóirt, clóis súgartha agus tionscadail chultúrtha	45	40	49	64	61	63
Seirbhísí oidhreacht (oidhreacht sheandálaíochta)	5	10	13	16	18	19
Seirbhísí éagsúla eile	48	58	80	135	112	102
	117	123	179	263	262	268
Tacaíochtaí Covid-19						
Cistiú a bhaineann le Covid-19 le haghaidh rátaí tarscaoilte	730	423	123	—	—	—
Cistiú a bhaineann le Covid-19 do ghnólaigh	687	78	14	—	—	—
Cúnamh Covid-19 eile	—	136	60	4	—	—
	1,417	637	197	4	—	—
 Leithdháiltí LPT — sainithe/lánroghnach nach mbaineann le haon chlár ar leith	410	422	423	426	504	515
Íocaíochtaí a bhaineann le luach saothair íoctha ón LGF	109	130	210	287^d	368	476
Cistiú iomlán curtha ar fáil d'údaráis áitiúla	6,076	5,768	5,984	6,662	8,608	9,401

Foinse: An Roinn Cosanta; an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais; an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt; an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; an Roinn Sláinte; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht; an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce; cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil; Oifig na nOibreacha Poiblí; an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta; an Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil; an Roinn Iompair

Nótaí: a D'fhéadfadh sé nach suimítear roinnt méideanna de bharr slánaithe.

b Áirítear leis sin cistiú dar luach thart ar €9 milliún ón Roinn Sláinte, a íocadh tríd an FSS, do Sheirbhís Otharchair Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Níor áiríodh an cistiú sin roimh 2022 mar gheall ar earráid a rinne an Roinn.

c Rinneadh an méid sin a choigeartú síos faoi thart ar €52 mhilliún mar gheall ar earráid sna méideanna a chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil roimhe seo nár tháinig chun solais ach le linn scrúdú 2023.

d Tuairiscíodh an méid sin roimhe seo mar €354 mhilliún. Tháinig an earráid sin chun solais le linn scrúdú 2025.

Iarscríbhinn 4B Cáin mhaoine áitiúil a leithdháileadh

Leagtar amach cistiú ó cháin mhaoine áitiúil (CMÁ) a fhaigheann gach údarás áitiúil, agus an méid is féidir a úsáid chun críocha na n-údarás áitiúil féin (is é sin, cistiú lánroghnach) i sceideal leithdháilte bhliantúil a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá meamram an Rialtais ina bhonn faoin bpróiseas leithdháilte.

Tá gach údarás áitiúil i dteideal suim íosta cistithe a fháil ar a dtugtar cistiú bonnlíne. Forlíontar leithdháileadh údarás áitiúil nach bhfuil bonn láidir go leor maoine acu chun an cistiú bonnlíne sin a bhaint amach trí phróiseas ar a dtugtar comhionannú. In 2025, rinneadh leithdháiltí 21 údarás áitiúil a fhorlíonadh trí chomhionannú.

Is féidir le húdaráis áitiúla a dtoradh réamh-mheasta CMÁ go léir a choinneáil, toisc go dtagann an cistiú um chomhionannú ar fad go díreach ón Státchiste anois (€110 milliún in 2025) agus ó chúlchistí LGF (€34 milliún in 2025).

Tá cead ag údaráis áitiúla an ráta ag a n-íocann úinéirí maoine áitiúla an LPT a athrú. Nuair a choigeartaíonn údaráis áitiúla méideanna suas, déanann siad an t-ioncam méadaithe a choimeád, ach sciar laghdaithe a bhíonn mar thoradh ar choigeartú síos. Ba í an iarmhairt ghlan ar éagsúlachtaí na n-údarás áitiúil ná leithdháiltí méadaithe CMÁ de thart ar €0.23 milliún in 2025 (2024: laghdú €7 milliún)

Tá ceanglas ar údaráis áitiúla os cionn na bonnlíne roinnt dá leithdháileadh a úsáid ar chaiteachas ar thithíochta agus ar bhóithre a mhaoineodh an Státchiste murach sin. Bhí €182 mhilliún san iomlán sa mhéid sin in 2025 (2024: €167 milliún).

Úsaideann údaráis áitiúla an CMÁ chun seirbhísí áitiúla a mhaoiniú, mar shampla páirceanna, leabharlanna, taitneamhachtaí fóillíochta, seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, cothabháil, glanadh sráideanna agus soilsiú sráideanna.

	2025 Údaráis os cionn na bonnlíne	2025 Údaráis faoi bhun na bonnlíne	2025 Gach ceann	2024 Gach ceann
Líon údarás áitiúil	10	21	31	31
	€m	€m	€m	€m
Toradh tuartha LPT iomlán	384	169	553	529
Cistiú cothromaithe				
- Ranníocaíocht dhíreach ón Státchiste	—	110	110	110
— Cúlchistí LGF	—	34	34	39
Leithdháiltí LPT roimh an athrú	384	313	697	678
Coigeartú le haghaidh athruithe áitiúla sa ráta cánach	(22)	22	—	(7)
Leithdháileadh CMÁ iomlán	362	335	697	671
Asa bhfuil				
— le haghaidh úsáid ghinearálta an údaráis	180	335	515	504
— féinchistiú tithíochta agus bóithre	182	—	182	167

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Nóta: a D'fhéadfadh sé nach suimítear roinnt méideanna de bharr slánaithe.

Iarscríbhinn 4C Bunathrú uisce agus costais thréigthe uisce

Bunaíodh Uisce Éireann (Irish Water roimhe seo) in 2013 chun ligean d'aistriú seirbhísí uisce ó na húdaráis áitiúla (ÚÁna) chuig comhlacht náisiúnta rialaithe amháin. Rinneadh comhaontuithe seirbhíse (SLAnna) idir UÉ agus gach ÚÁ don tréimhse 2013 go 2023, faoina leanfadh na ÚÁna le seirbhísí uisce a chur ar fáil agus go n-íocfadh UÉ na ÚÁna as na seirbhísí sin.

I Meitheamh 2022, d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn) [Creat le haghaidh seirbhísí uisce a sholáthar sa todhchaí](#) Déantar foráil sa chreat d'aistriú seirbhísí uisce ó na ÚÁna go hUisce Éireann faoi dheireadh 2026. Áirítear leis sin aistriú deonach na foirne seirbhísí uisce reatha de chuid na nÚdaráis Áitiúla chuig UÉ mar fhostaithe bhuana.


Faoi dheireadh 2025, bhí 50% (639) den fhoireann ÚÁ incháilithe (1,266) aistrithe chuig UÉ. Rinne UÉ 14% (178) breise den fhoireann incháilithe a fhostú go díreach.

Comhaontaíodh mar chuid den chreat (i meamram tuisceana), go ndéanfaidh an Roinn 'costais thréigthe' a thabhdh na ÚÁna mar thoradh ar an bpróiseas aistrithe seirbhísí uisce a mhaoiniú go dtí deireadh 2026. Is ionann costais thréigthe agus muirir bainistíochta láir do ról riaracháin seirbhísí uisce atá fágtha sna ÚÁna. Tá na muirir comhdhéanta de chostais oibríochtúla ginearálta (airgeadas, Acmhainní Daonna, agus seirbhísí TF, etc.) agus costais phinsin ghaolmhara.

Ó 2023, tá cistiú bliantúil tiomnaithe á chur ar fáil ag an Roinn ó Vóta 34 don Chiste Rialtais Áitiúil (LGF) ionas go n-íocfar costais thréigthe uisce sa bhliain dár gcionn. Ag deireadh gach ceann de na blianta sin, ó 2023 go 2025, rinne an Roinn cuid de chúlchistí an LGF a imfhálú chun na costais thréigthe uisce réamh-mheasta a íoc sa bhliain dár gcionn. Cuimsítear leis na cúlchistí imfhálaithe cistiú tiomnaithe na Roinne, agus cion de chúlchistí carntha eile (féach Figure 4C.1).

Chuir an Roinn in iúl go bhfuil costais thréigthe iomlána le haghaidh 2026 measta ag €89.4 milliún - a ndéanfar €55.14 milliún as sin a mhaoiniú ó chúlchistí imfhálaithe an LGF, agus íocfaidh an Roinn an t-iarmhéid in 2026. Chuir an Roinn in iúl freisin go bhfuil socruithe cistithe amach anseo d'údaráis áitiúla maidir le caillteanas ioncaim a bhaineann le seirbhísí uisce tar éis 2026 ina ábhar do bheartas an Rialtais agus tá sé fós le comhaontú.

Fíor 4C.1 Cistiú agus costais thréigthe uisce 2024 – 2026



Foinse: Cuntais na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Chiste Rialtais Áitiúil. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Tá costais fhabhráithe san áireamh leis.
 - b Tá cistiú 2026 bunaithe ar chostais thréigthe réamh-mheasta le haghaidh 2026 amhail deireadh 2025.
 - c Baineann sé sin le cistiú tiomnaithe na roinne a cuireadh ar fáil don LGF sna blianta 2023, 2024 agus 2025 ionas go n-íocfaí costais thréigthe uisce sna blianta 2024, 2025 agus 2026 faoi seach. Cuirtear bonn faoin gcistiú sin le cinneadh bliantúil an Rialtais.
 - d Cistiú a íocadh ó chúlchistí LGF carntha eile a rinneadh a imfhálú go sainiúil in 2024 do chostais thréigthe uisce in 2025.

